View in browser

Cois Fharraige — fóram um pleanáil teanga

24 Márta 2022

# Scéal, Scéal, Scéal...

- Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige -

Eagrán 90





## EADRAINN FÉIN

Seoladh **Eadrainn Féin**, leabhar a chuir daltaí Choláiste Chroí Mhuire i dtoll a chéile mar cheiliúradh ar Mháirtín Ó Cadhain in Óstán Chois Fharraige ar an Mháirt 15 Márta. Mar chomóradh ar 50 bliain ó bhásaigh Máirtín, d'eagraigh foireann na scoile seachtain ar leith le saol agus saothar Mháirtín Uí Chadhain a léiriú do na daltaí. Bhí chuile rang bhliain sa scoil agus mórán chuile ábhar scoile san áireamh sa tionscadal seo agus bhí cainteanna, léamha, tráth na gceist, tionscadail taighde, tóraíocht taisce, cruthú podchraoltaí, ceardlanna ealaíne agus scríbhneoireacht chruthaitheach ar chuid de na bealaí ar cuireadh eolas faoin bhfathach smaointeoireachta agus litríochta as ceantar dhúchais na ndaltaí, ina láthair. Leanadh leis an téama tar éis na seachtaine agus chuaigh na daltaí i mbun pinn, scuaibe agus líníochta agus 'sé an foilseachán fíor-shlachtmhar **Eadrainn Féin** toradh a gcuid oibre, áit a bhfuil saothar le os cionn trí scór dalta i gcló idir obair ealaíne agus saothair thaighde, próis agus filíochta, cuid den fhilíocht i bhFraincis fiú in ómós d'ilteangachas an Chadhnaigh. Tá an-mholadh tuillte ag na daltaí agus ag a gcuid múinteoirí as an leabhar breá seo. Treise libh!








## AN TATHAIR PÁDHRAIC Ó NEACHTAIN RIP

Cúis bhróin do phobal Chois Fharraige cloisteáil faoi bhás an Athar Pádhraic Ó Neachtain i gCape Town na hAfraice Theas ar an Mháirt seo caite in aois bliain agus ceithre scór. B'as an gCré Dhubh taobh thiar den Spidéal do Phádhraic Steve a chuaigh le hOrd na Sailíseach ina dhéagóir agus a chuaigh chun na hAfraice Theas agus gan é ach naoi mbliana déag. Is ann a chaith sé an chuid eile dá shaol ag saothrú i ngort an oideachais agus na hoiliúna agus é mar aidhm docht aige féin agus ag a chomhghleacaithe freastal ar an gcuid ba bhoichte den phobal le deiseanna agus scileanna a chur ar fáil dóibh le tabhairt faoin saol. Chonaic an tAthair Pádhraic saol a bhí anróiteach, dúshlánach, achrannach san Afraic Theas áit a raibh an chinedheighilt i bhfeidhm ann mar pholasaí stáit. Ba chúis áthais mhóir dó an t-athrú a tháinig i bpolaitíocht na tíre sin agus gur ghlac an pobal dúchasach údarás na tíre chucu féin. Cainteoir breá ab ea an tAthair Pádhraic agus ba mhinic é le cloisteáil ar RTÉ Raidió na Gaeltachta agus ar TG4 mar thráchtaire eolach, machnamhach ar chúrsaí na hAfraice fré chéile. Suaimhneas síorraí go raibh aige agus sólás go raibh ag a mhuintir.



## MAIDIN CHAIFE

Tá maidin chaife á reáchtáil ag Oifigigh Pleanála Teanga Chois Fharraige i bPOTA Café ar an Luan 4 Aibreán @ 11r.n. Beidh an mhaidin




dírithe ar theaghlaigh atá ag tógáil a gclann le Gaeilge. Tabharfar deis do thuismitheoirí casadh lena chéile ar bhonn sóisialta, cupán caifé a roinnt agus cúrsaí teaghlaigh a phlé. Ní mór clárú roimhe ré ag ocptchoisfharraige@gmail.com Fáilte roimh chách!

## FOLÚNTAS AG AN MBOGHA CEATHA

Tá post lánaimseartha á fhógairt ag an Ionad Cúram Leanaí **Bogha Ceatha**, atá lonnaithe sa Sídheán sa Spidéal. Caithfidh Gaeilge líofa agus cáilíochtaí QQI/FETAC Leibhéal 5 nó Leibhéal 6 i gCúram Leanaí a bheith ag an iarrthóir. Le suim a léiriú sa bpost ní mór cóip de do CV a sheoladh chuig oifig@boghaceatha.com

## CÚRSA CEANNAIREACHTA

Bhronn Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga scoláireachtaí le haghaidh cúrsa ceannaireachta i gColáiste Uisce ar Éamonn Ó Ceallacháin agus Hannah Nic Fhlannchadha le gairid. Beidh Éamonn agus Hannah ag freastal ar an gcúrsa seachtaine ó 9-15 Aibreán le linn saoire na Cásca, i mBéal an Átha, Co. Mhaigh Eo. Is iomaí téama a chlúdófar ar an gcúrsa - scileanna cumarsáide, scileanna ceannaireachta agus scileanna féinmhuiníne ina measc, chomh maith le deiseanna páirt a ghlacadh i réimse leathan eachtraí uisce agus talún. Comhghairdeachas libh a chairde!

## CAIFE LITRÍOCHTA NA GAELTACHTA

Tá Oifigigh Pleanála Teanga na hÉireann tagtha le chéile arís le sraith cainteanna ar réimsí éagsúla litríochta a reáchtáil. Cuirtear aoichainteoir ar leith i láthair chuile sheachtain. 'Sé **LPT Phobal Rua** a bheas á óstáil an tseachtain seo chugainn. Beidh scoth na scéalta le cloisteáil ar an oíche, Máirt 29ú Márta, ó Celia de Fréine, Máire Ní Chualáin agus Helena O' Brien. Cuirfear tús leis an seisiún @ 7i.n. Is féidir clárú do na seisiúin ach teagmháil a dhéanamh le optchoisfharraige@gmail.com.

## OIBRÍ ÓIGE DO CHLUB ÓIGE




## RÉALT NA MARA

Tá post páirtaimseartha mar Oibrí Óige ar fáil le Muintearas do Chlub Óige Réalt na Mara sna Forbacha. Beidh an tOibrí Óige ag obair le coiste an chlub le himeachtaí a reáchtáil, an club a bhainistiú agus roinnt oibre riaracháin a dhéanamh. Beidh go leor teagmhála ag an Oibrí Óige le hOifigigh Pleanála Teanga Chois Fharraige freisin a thugann tacaíocht agus cúnamh don chlub. Le cur isteach ar an bpost is féidir teagmháil a dhéanamh le muintearas@muintearas.com nó is féidir níos mó eolais a fháil ag 083 010 6294

## BAILE BEAG MÓR LE FÍBÍN

'**Baile Beag Mór'** an teideal ar an dráma nua atá á chur ar stáitse don chéad uair riamh ag **Fíbín** i dTaibhdhearc na Gaillimhe. Philip Doherty a scríobh an dráma agus sé atá ina stiúrthóir chomh maith. Is dráma é ina bhfuil scéalta fite fuaite ina chéile ina ndéantar scéalta pearsanta, polaitiúla agus spioradálta a chíoradh le linn tréimhse ina raibh an stát nua á bhunú céad bliain ó shin. Beidh an dráma ar an stáitse sa Taibhdhearc gach oíche ag 8i.n as seo go dtí an Satharn, 2 Aibreán. Is féidir ticéad a cheannach anseo.




## TÓRAÍOCHT UIBHEACHA CÁSCA

Tá Tóraíocht Uibheacha Cásca á reáchtáil ag Oifigigh Pleanála Teanga Chois Fharraige ar an 12ú Aibreán @ meánlae. Cuirfear tús leis an tóraíocht ag an Áirdín Buí sa Spidéal agus críochnófar ag Céibh an Spidéil. Casfaidh chuile dhuine le chéile ina dhiaidh ag an mBuilín Blasta le haghaidh seacláid the, ceol, comhluadar agus cá bhfios nach mbeadh cuairt ó chóinín speisialta ar an lá freisin! Is féidir clárú anseo.

## OÍCHE OSCAILTE AG COLÁISTE CHOLMCILLE

Beidh oíche oscailte do thuismitheoirí agus do dhaltaí Rang a 6 i gColáiste Cholmcille, Indreabhán ar an Déardaoin, 31ú Márta ó 5:30-7:30 i.n. Beidh caint ghearr ann ón bPríomhoide ag 5:30. Beidh deis ar thuras timpeall na scoile chun na seomraí ranga a fheiceáil agus chun casadh leis an bhfoireann. Beidh blaisíní beatha ar fáil ar an oíche freisin.

Ba mhaith liom go gcuirfí ar an liosta teagmhála mé.

Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga CTR

Inis Fáil, An Spidéal, Co. na Gaillimhe
H91 X63V

083 010 6294

Muna mian leat cóip den nuachtlitir seo a fháil, seol teachtaireacht chuig optchoisfharraige@gmail.com agus bainfear den liosta poist thú.

Ba mhaith liom m'ainm a bhaint ón liosta

SENT BY mailer lite